An POC AR BUILE

AR MO GHABHÁIL DOM SIAR CHUN DROICHEAD UÍ MHÓRDHA
PICE I M' DHOID IS MÉ AG DUL I MEITHEAL
CÉ CASFAI ORM I GCUMAR CEOIDH
ACH POCÁN CRÓN IS É AR BUILE?

AILLILIÚ PUILLILIÚ, AILLILIÚ TÁ AN POC AR BUILE!
AILLILIÚ PUILLILIÚ, AILLILIÚ TÁ AN POC AR BUILE!

DO RITHEAMAR TRASNA TRÍ RUILLEOGACH
IS DO GHLUAIS AN COMHRAC AR FUD NA MUINGE
IS TREASCAIRT DÁ BHFUAIR SÉ SNA TURTÓGA
CHUAS INA AINNEOIN AR A DHROIM LE FUINNEAMH

NIOR FHÁG SÉ CARRAIG GO RAIBH SCÓT ANN
NÁ GUR RITH LE FÓRSA CHUN MÉ A MHILLEADH
IS EA ANSIN DO CHAITH SÉ AN LÉIM BA MHÓ
LE FÁNA MÓR NA FAILLE BRICE

BHI GARDA MÓR I MBAILE AN RÓISTIGH
IS BHAILIGH FÓRSAI CHUN SINN A CHLIPEADH
DO BHUAIL SÉ ROP DÁ ADHAIRC SA TÓIN AIR
IS DÁ BHRISTE NUA DO DHEIN SÉ GIOBAIL

I NDAINGEAN UI CHÚIS LE HAGHAIDH AN TRÁTHNÓNA
BÍ AN SAGART PARÓISTE AMACH 'NÁR GCOINNIBH
IS É DÚIRT GURBH É AN DIABHAL BA DHÓIGH LEIS
A GHAIBH AN TREO AR PHOCÁN BUILE!

L7